



School Gardening
Resources

PRIMARY LEVEL

BORD BIA
IRISH FOOD BOARD

Síolta a Chur go Díreach

Gránaigh Oidhreachta





Tráth na Bliana

Márta go Aibreán nó Meán Fómhair/Deireadh Fómhair.

Aidhm

Grán a fhás ón síol.

Acmhainní de dhíth

Síolta gráin orgánacha, ceapóg ghlasraí ullmhaithe, forcanna/slúasaid, ráca, múirín saor ó mhóin déanta sa bhaile, cannaí uisce agus uisce, liáin láimhe, lámhainní, líontán (is féidir iad a bheith ina sean-líontán nó ina líontán ceannaithe), lipéid, pinn, ceamara.

**Ábharthacht
Thraschuraclaim**

OSIE: Dúile Beo, feasacht agus cúram imshaoil
Tíreolaíocht/Stair: Stair na talmhaíochta, gránaigh domhanda
Teangacha: Focail/litriú/litearthacht nua
Ealaín: Comharthaí/líníochtaí/grianghraif a dhéanamh/daoine tuí a dhéanamh
Curaclam Neamhfhoirmiúil: Discover Primary Science



1 Samplaí de ghráin a d'fhéadfaí a chur:

- ★ Cruithneacht
- ★ Litrithe (cruithneacht ársa)
- ★ Coirce
- ★ Eorna
- ★ Ros lín (síolta lín)
- ★ Seagal



Síolta a Chur go Díreach - Gránaigh Oidhreacht



2 Treoir ghinearálta um chur

- ★ 20g in aghaidh an mhéadair chearnaigh.

Conas gráin a chur:

- ★ Glan an cheapóg d'aon fhiailí.
- ★ Uiscigh an cheapóg má tá sé tirim.
- ★ Má tá tú ag cur gráin éagsúla, marcáil amach an cheapóg ina gcodanna.
- ★ Scaip nó croith an grán go neamhshrianta.
- ★ Nó is féidir leat druileanna beaga a dhéanamh gar dá chéile agus iad a chur i sraitheanna.
- ★ Clúdaigh thar na síolta le do lámha nó le ráca más limistéar níos mó é.
- ★ Déan comharthaí leis an éagsúlacht síolraithe agus an dáta.
- ★ Clúdaigh le líontán.
- ★ D'fhéadfá sean-dlúthdhioscaí a shreangadh ó chuailí freisin chun éin a dhíspreagadh.
- ★ Taifead do chuid oibre sa dialann gharraíodóireachta.



3 Conas a bhainimid an barr?

- ★ Taispeáin don rang conas na cinn gráin a bhaint nó a ghearradh agus a bhailiú i gcoimeádán.
- ★ Is féidir an tuí atá fágtha a ghlanadh ón gceapóg.
- ★ D'fhéadfaí é a úsáid freisin chun biabhóg nó plandaí eile a mhótáil.
- ★ Buail na cinn gráin trí na cinn gráin a chuimilt idir do lámha thar leathán nó coimeádán.
- ★ Sábháil cuid de na síolta i gcoimeádán tirim le plandaíl an bhliain seo chugainn.
- ★ Nuair a thagann tú ar ais ó laethanta saoire an tsamhraidh, seans go mbeidh an grán tar éis titim sa ghaoth. Más féidir, bain é i mí Lúnasa agus stóráil bun os cionn é i mála in áit thirim. Is féidir leis na páistí an chuid eile a dhéanamh i mí Mheán Fómhair.



4 Smaointe do Thionscadail Taighde

Mata - iarr ar na páistí meastachán a dhéanamh ar an méid talún atá de dhíth le builín aráin a dhéanamh.

Tíreolaíocht - Cad iad na gránaigh a fhástar i dtíortha éagsúla agus cén fáth?

Oidhreacht Áitiúil - An bhfuil aon fheirmeoirí áitiúla ag fás arbhair? Cén úsáid a bhaineann siad as? B'fhéidir go bhfuil músaem oidhreachta nó chontae i do cheantar a mbeidh meilteoir traidisiúnta ann. Tabhair cuireadh dóibh teacht go dtí an scoil chun a thaispeáint do na páistí conas a dhéantar plúr den ghrán.

Ealaín/Cumarsáid - Déan taispeántas don ghairdín nó clár fógraí na Scoileanna Glasa.

Bia Sláintiúil - Má bhaineann tú go leor gráin, déan builín aráin. Má fhásann tú rós lín (síolta lín) - bain na cinn síolta & triomaigh sa rang iad. BÁCÁIL aráin agus cuir roinnt síolta.

Focail Taighde: OIÐHREACHT, SCAIP, CAITH

Conas a thugaimid aire don bharr?

- ★ Seiceáil go rialta féachaint cathain a phéacann siad.
- ★ Cuir uisce orthu más gá dóibh é.
- ★ Nuair a thosaíonn siad ag fás, ardaigh an líontán suas (le maidí saileacha nó bambú) chun é a chosaint.
- ★ Bain an líontán nuair a bhíonn na plandaí 5-6cm ar airde.
- ★ Coinnigh saor ó fhiailí.
- ★ A ráta fáis a bhreathnú agus a thaifeadadh.